AONTAS LÁIDIR D'OIBRITHE

Seas in aghaidh fostóirí a bhíonn ag gearradh postanna trí foinsí lasmuigh a úsáid agus a choinníonn ísliú ar ár gcuid arduithe pá.

Is é Kieran Allen iarrthóir casadh na taoide sa SIPTU. Má bhíonn sé tofa mar Ard-Rúnaí, rachaidh sé i mbun feachtais chun:

1. Críoch a chuir leis an chaidreamh teann atá leis an rialtas agus na fostóirí.

Chuaigh ár gceardchumann i laige leis an gComhpháirtíocht Shóisialta toisc gur thóg sí an cumhacht ar shiúl ón áit oibre.

☐ Sa chéad babhta eile pá, ba chóir dúinn a chur in iúl don SIPTU agus don rialtas nach mbeidh comhréiteach ar bith ann mura mbíonn arduithe pá go huathoibríoch ar comhchéim le praghsanna.

☐ Ba cheart dúinn tarraingt siar ón córas tagarmharcála agus éilimh choibhneasacht speisialta a chur ann.

☐ Ba cheart dúinn an Vótáil Níl a mholadh ar Chonradh Liospóin nó tá an príobháidiú de sheirbhísí poiblí agus méadú ar chaiteachas mhíleata á chuir chun cinn ann.

2. Feachtais náisiúnta a eagrú a rachaidh chun sochair d'oibrithe.

☐ **Pinsin:** Tá milliún oibrithe ag tarraingt ar an aois scoir agus gan acu ach pinsean leasa shóisialta. San Ioruaidh bíonn ar fhostóirí ranníocaíochtaí, faoi cheangal dlí, a thabhairt do chiste pinsean na n-oibrithe. Cén fáth nach ndéanfaí amhlaidh anseo?

☐ **Ag úsáid foinsí lasmuigh:** Tá Irish Ferries arís ag íoc €4 san uair le hoibrithe. Tá fostóirí ag úsáid foinsí lasmuigh den áit oibre agus foirne gníomhaireachta chun an bonn a bhaint ó choinníollacha an ceardchumainn. Tá ollshlógadh riachtanach chun cosc a chur leis láithreach.

3. Atheagrú a dhéanamh ar an ceardchumann chun go dtabharfadh sé tacaíocht don chosmhuintir.

Deir mórán ionadaithe san áit oibre go mbíonn fadhbanna cumarsáide acu le feidhmeannaigh an ceardchumainn. Mar Ard-Rúnaí, tá **Kieran Allen** faoi ghealltanas atheagrú iomlán a dhéanamh.

☐ Ba chóir go mbeadh seirbhís lárionad glaonna ar fáil chun comhairle fíorasach a thabhairt ar chomhaontuithe náisiúnta nó ar dhlíthe caidrimh thionsclaíoch.

☐ Stiúir níos mó ag brainsí áitiúla ar a mbuiséid féin chun go mbeadh siad in ann dul i gcabhair ar eagrú na háite oibre.

4. Íomhá iomráiteach don Ceardchumann a fhorbairt sna meáin.

Ba chóir go mbeadh ainm Ard-Rúnaí an SIPTU i mbéal an phobail, aitheanta mar dhuine a cheistíonn iad siúd sna meáin a insíonn d'oibrithe gearradh siar ar an caiteachas. Déanfaidh **Kieran Allen** íomhá láidir a chothú sna meáin chun scéala dearfach faoi chearta na n-oibrithe a nochtadh.

5. An ciste pholaitiúil bheith follasach.

Níor cheart go mbeadh 'teideal úinéireachta' ag páirtí polaitíochta ar bith ar thacaíocht an SIPTU. Ba cheart dóibh é a ghnóthú trí cearta na n-oibrithe a chuir chun cinn.

Bheir **Kieran Allen** gealltanas nach dtógfaidh sé ach an meánráta pá tionsclaíoch agus an fuílleach a bhronnadh ar fheachtais do chearta na n-oibrithe.

Déan é a thoghadh mar Ard-Rúnaí agus bíodh an SIPTU mar ceardchumann láidir a sheasann an fód in aghaidh an rialtais agus na fostóirí.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis ar 087 2839964 nó ar an ríomhphost kallen@iol.ie.
Is féidir fosta breathnú ar a shuíomh gréasáin ag www.kieranallen.org